Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3998

17.7.2024

P9_TA(2023)0271

# Gairmoiliúint a chothú agus a oiriúnú mar uirlis chun go n-éireoidh le fostaithe agus mar bhloc tógála do gheilleagar an Aontais sa tionscal nua 4.0

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 maidir le gairmoiliúint a chothú agus a oiriúnú mar uirlis chun go n-éireoidh le fostaithe agus mar bhloc tógála do gheilleagar an Aontais sa tionscal nua 4.0 (2022/2207(INI))**

(C/2024/3998)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint d'Airteagail 179, 180 agus 181 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 6, 9, 41, 153, 162, 165, 166 agus 174 de,

— ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe d'Airteagail 14, 15, 23, 25 agus 26, di,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD),

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe SDGanna 4, 8 agus 9,

— ag féachaint do bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Deireadh Fómhair 2021 i gcás *BX v Unitatea Administrativ Teritorială D*. (C-909-19) ([1]),

— ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, go háirithe, prionsabail 1, 3, 4 agus 5 de,

— ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint ([2]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 dar teideal 'European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience'[Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht] (COM(2020)0274),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 ([3]),

— ag féachaint do rún uaithi an 12 Feabhra 2019 maidir le beartas tionsclaíoch cuimsitheach Eorpach i dtaca leis an intleacht shaorga agus an róbataic ([4]),

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Feabhra 2023 maidir le straitéis AE chun borradh a chur faoin iomaíochas tionsclaíoch, faoin trádáil agus faoi phoist ardcháilíochta ([5]),

— ag féachaint do Chonclúidí ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Folláine Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe,

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint (VET) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht ([6]),

— ag féachaint do Dhearbhú Osnabruck an 30 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir don téarnamh agus d'aistrithe córa chuig geilleagair dhigiteacha agus ghlasa,

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Deireadh Fómhair 2021, *BX v Unitatea Administrativ Teritorială D.*, C-909/19, ECLI:EU:C:2021:893.
([2]) IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.
([3]) IO L 166, 11.5.2021, lch. 1.
([4]) IO C 449, 23.12.2020, lch. 37.
([5]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0053.
([6]) IO C 417, 2.12.2020, lch. 1.

— ag féachaint don mholadh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-scilithe, Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta ([7]).

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna ó institiúid ardoideachais nó meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí thréimhsí foghlama thar lear ([8]),

— ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ([9]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 dar teideal '2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade' [Aontas an Chomhionannais: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach] (COM(2021)0118),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 dar teideal 'Digitising European Industry – Reaping the full benefits of a Digital Single Market' [Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú – Leas iomlán a bhaint as Margadh Aonair Digiteach] (COM(2016)0180),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 dar teideal 'Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery' [Straitéis Thionsclaíoch Nua 2020 a Nuashonrú: Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa] (COM(2021)0350),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal 'A New Industrial Strategy for Europe' [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal 'An SME Strategy for a sustainable and digital Europe' [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2020)0103),

— ag féachaint do theachtaireacht an 1 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal 'Youth Employment Support: a Bridge to Jobs for the Next Generation' [Ag Tacú leis an bhFostaíocht do Dhaoine Óga: Nasc leis an bhFostaíocht don Chéad Ghlúin Eile (COM(2020)0276),

— ag féachaint do rún uaithi an 17 Feabhra 2022 maidir le daoine óga na hEorpa a chumhachtú: fostaíocht agus téarnamh sóisialta i ndiaidh na paindéime ([10]),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 dar teideal 'Investing in a smart, innovative and sustainable industry: A renewed EU Industrial Policy Strategy' [Infheistiú i dTionscal cliste nuálaíoch inbhuanaithe AE: Straitéis athnuaite beartais tionsclaíochta de chuid an Aontais] (COM(2017)0479),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2010 dar teideal 'Digital Agenda for Europe' [Straitéis Scileanna nua don Eoraip] (COM(2010)0245),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2010 dar teideal 'Europe 2020 Flagship Initiative Innovation Union' (COM(2010)0546), [Tionscnamh Suaitheanta Eoraip 2020 – Aontas Nuála (COM(2010) 0546),],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020)0625) agus do dhoiciméad inmheánach oibre sin an Choimisiúin (SWD(2020) 0212) a ghabhann léi,

— ag féachaint do rún uaithi an 19 Bealtaine 2022 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 - micridhintiúir, cuntais foghlama aonair agus foghlaim le haghaidh timpeallacht inbhuanaithe ([11]),

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Digital Education Action Plan 2021-2027: Resetting education and training for the digital age' [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027: an t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach] (COM(2020)0624), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2020)0209),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal 'Digital Economy and Society Index (DESI) 2020: Human capital' [an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2020: Caipiteal daonna],

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh 2020 maidir le hAthoiliúint agus uasoiliúint mar bhonn chun cobhsaíocht agus infhostaitheacht a mhéadú, i gcomhthéacs tacú le téarnamh eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta,

([7]) IO C 484, 24.12.2016, lch. 1.
([8]) IO C 444, 10.12.2018, lch. 1.
([9]) IO C 189, 4.6.2018, lch. 1.
([10]) IO C 342, 6.9.2022, lch. 265.
([11]) IO C 479, 16.12.2022, lch. 65.

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 16 Meitheamh 2020 maidir le géarchéim COVID-19 a chomhrac san oideachas agus san oiliúint,

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2016 dar teideal 'Industry 4.0 and digital transformation: Where to go [Tionsclaíocht 4.0 agus an claochlú digiteach: na chéad chéimeanna eile],

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 7 Bealtaine 2020 dar teideal 'Sustainable funding for lifelong learning and development of skills, in the context of a shortage of skilled labour' [Cistiú inbhuanaithe don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'fhorbairt scileanna, i gcomhthéacs ganntanas oibrithe oilte a bheith ann],

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 15 Márta 2018 dar teideal 'Future of work - acquiring of appropriate knowledge and skills to meet the needs of future jobs' [A bhfuil i ndán don obair - eolas agus scileanna iomchuí a shealbhú chun riachtanais post amach anseo a chomhlíonadh],

— ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Aibreán 2023 dar teideal 'Innovative financial instruments as part of the development of social impact companies' [Ionstraimí airgeadais nuálacha mar chuid d'fhorbairt cuideachtaí tionchair shóisialta],

— ag féachaint don togra an 21 Aibreán 2021 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchuibhithe a leagan síos maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh maidir leis an Intleacht Shaorga) agus gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais a leasú (COM(2021)0206),

— ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna ([12]),

— ag féachaint don Dearbhú maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha don Deacáid Dhigiteach a fógraíodh an 15 Nollaig 2022,

— ag féachaint do Straitéis Dhomhanda Tairsí AE,

— ag féachaint don staidéar ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) ó mhí Feabhra 2020 dar teideal 'Empowering adults through upskilling and reskilling pathways' [Daoine fásta a chumhachtú trí chonairí uas-scilithe agus athscilithe],

— ag féachaint do thuarascáil chomhpháirteach Cedefop agus an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) an 30 Márta 2023 dar teideal 'Fostering skills use for sustained business performance: Evidence from the European Company Survey' [Úsáid scileanna a chothú d'fheidhmíocht mharthanach ghnó: Fianaise ón Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí' ([13]),

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le clár oibre nua Eorpach d'fhoghlaim aosach ([14]),

— ag féachaint do Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, 2021-2030,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0232/2023),

A. de bhrí gur inniúlacht de chuid na mBallstát iad beartais oideachais, oiliúna agus scileanna; de bhrí go bhfuil ról ag AE, ar ról é atá ag éirí níos tábhachtaí, maidir le tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, na gníomhaíochtaí sin a spreagadh, agus maidir lena gcomhordú agus lena gcomhlánú;

B. de bhrí go dtiocfaidh méadú breise ar thábhacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna (VET) agus, go háirithe, uas-sciliú agus athsciliú oibrithe agus cuardaitheoirí poist, mar thoradh ar na haistrithe digiteacha agus glasa thar aon ní eile; de bhrí go bhfuil dálaí oibre cuibhiúla bunriachtanach chun oibrithe ardoilte a mhealladh agus a choinneáil. de bhrí nár cheart don oiliúint a chuireann a bhfostóir ar fáil d'oibrithe difear diúltach a dhéanamh do luach saothair oibrithe;

C. de bhrí go bhfuil scileanna agus mianta oibrithe a mheaitseáil le riachtanais athraitheacha mhargadh saothair an Aontais ar cheann de phríomhspriocanna Bhliain Eorpach na Scileanna;

D. de bhrí, i measc na ndúshlán is mó atá os comhair an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna leanúnaí (CVET) faoi láthair, nach bhfuil ach tarraingteacht íseal ag baint leis i gcomparáid leis an oideachas acadúil, le heaspa spéise i measc mac léinn agus le heaspa oibrithe oilte;

([12]) IO L 125, 11.5.2023, lch. 1.
([13]) https://www.eurofound.europa.eu/system/files/2023-03/ef21010en.pdf.
([14]) IO C 504, 14.12.2021, lch. 9.

E. de bhrí nach n-éireoidh leis na haistrithe digiteacha agus glasa ach amháin má chuirtear na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá ar fáil d'oibrithe;

F. de bhrí go bhféadfadh cur chun feidhme CVET ardcháilíochta ualach suntasach airgeadais a fhorchur, go háirithe ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

G. de bhrí go bhfuil ríthábhacht le rochtain chomhionann ar VET, lena n-áirítear uasciliú agus athsciliú, chomh maith le rochtain chomhionann ar dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil;

H. de bhrí gur thuairiscigh 45 % d'oibrithe in 2021 gur íoc an fostóir as oiliúint le 12 mhí anuas; de bhrí go raibh an sciar sin níos ísle i measc oibrithe óga, i measc ban, agus i measc oibrithe ar chonarthaí gníomhaireachta ar théarma seasta agus ar chonarthaí gníomhaireachta sealadacha, rud a léiríonn neamhionannais maidir le rochtain ar oiliúint ([15]);

I. de bhrí nach raibh ach oideachas meánscoile uachtaraí críochnaithe ag 9.7 % de dhaoine idir 18-24 bliana d'aois in AE agus nach raibh siad rannpháirteach i mbreisoideachas ná in oiliúint; de bhrí nach raibh 56 % de na Romaigh idir 16–24 bliana d'aois rannpháirteach san oideachas, san fhostaíocht ná san oiliúint (NEET) in 2021;

J. de bhrí, in 2021, gurbh ionann agus 10.8 % cion na ndaoine in AE idir 25 agus 64 bliana d'aois san oideachas nó san oiliúint, agus gur tháinig méadú 1.7 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine idir 25 agus 64 bliana d'aois san oideachas agus san oiliúint i gcomparáid le 2020, agus dá bhrí sin gur fhill sé ar leibhéil 2019, nó go dtí na leibhéil a bhí ann roimh COVID-19 ([16]);

K. de bhrí go bhfuil margaí saothair ag laghdú san Eoraip agus faoi 2030, go mbeidh 40 % de mhuintir na hEorpa ina gcónaí i réigiúin ina bhfuil laghdú ag teacht ar líon na bpost ([17]); de bhrí gur thuairiscigh 77 % de chuideachtaí AE go raibh deacrachtaí acu oibrithe a aimsiú a bhfuil na scileanna riachtanacha acu; de bhrí go bhfuil costais shuntasacha ar gheilleagair, ar ghnóthais agus ar dhaoine aonair i ngeall ar an neamhréir scileanna sin idir oibrithe agus poist i margadh saothair an Aontais; de bhrí, trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar thosca cáilíochta poist, amhail pá, neamhspleáchas fostaithe agus cothromaíocht oibre is saoil, chomh maith le hinfheistíochtaí i scileanna agus i bhfoghlaim ar leibhéal na cuideachta, go rannchuideofaí le ganntanais lucht saothair a laghdú ([18]);

L. de bhrí gur cuspóir amháin de chuid an Chláir Oibre Scileanna don Eoraip é ráta rannpháirtíochta 50 % a bheith ann i measc daoine idir 25-64 bliana d'aois faoi 2025 (i gcomparáid le 38 % in 2016); de bhrí gurb é 70 % an cuspóir maidir le rannpháirtíocht i measc daoine idir 16-74 bliana d'aois a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad (i gcomparáid le 56 % in 2019); de bhrí nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag thart ar 42 % de mhuintir na hEorpa, lena n-áirítear 37 % díobh siúd sa lucht saothair; de bhrí gur mian leis an Aontas sciar an daonra a bhfuil ar a laghad scileanna bunúsacha digiteacha acu a mhéadú go 80 % faoi 2030;

M. de bhrí go bhfuil VET ardcháilíochta agus foghlaim ar feadh an tsaoil bunriachtanach chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR) a bhaint amach; de bhrí go bhfuil sé ar cheann de na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sciar de 60 % de dhaoine fásta in oiliúint a bhaint amach gach bliain agus 78 % ar a laghad san fhostaíocht faoi 2030;

N. de bhrí nár baineadh amach sprioc an Aontais faoin gcreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET2020) le haghaidh rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach (15 % in 2020) sa timthriall roimhe seo, go háirithe do dhaoine ar de ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe iad agus/nó a bhfuil níos lú deiseanna acu; de bhrí gurb iad daoine scothaosta an t-aoisghrúpa is lú seans go nglacfaidh siad páirt san fhoghlaim aosach; de bhrí go bhfuil gnéithe eile den eisiamh a ndearna Eurostat measúnú orthu inscnebhainteach agus go mbaineann siad le leibhéal oideachais an duine aonair agus lena stádas gníomhach i margadh an tsaothair;

O. de bhrí go bhfuil neamhionannais fós ann maidir le rochtain ar fhoghlaim aosach agus VET d'oibrithe agus do chuardaitheoirí poist; de bhrí go ndéanann gnóthachtáil oideachais, grúpa gairme, earnáil eacnamaíoch na gníomhaíochta agus méid na bunaíochta rannpháirtíocht aosach in VET a chomhchinneadh; de bhrí gurb iad na bacainní is minice maidir le rochtain ar an bhfoghlaim aosach ná costais, neamh-inrochtaineacht, easpa bonneagair cúraim, litearthacht íseal agus féinmheas íseal; de bhrí go luann cuideachta amháin as gach trí chuideachta, ar cuideachtaí iad nach nach n-eagraíonn oiliúint, gurb iad ualach mór oibre agus easpa ama na cúiseanna nach n-eagraíonn siad an oiliúint ([19]); de bhrí go bhfuil am agus costas araon ina mbacainní móra ar an bhfoghlaim aosach ó thaobh an duine aonair de;

([15]) 'Working conditions in the time of COVID-19: Implications for the future'[Dálaí oibre in aimsir COVID-19: Impleachtaí don todhchaí], Eurofound, 29 Samhain 2022, ar fáil ag: https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2022/working-conditions-in-the-time-of-covid-19-implications-for-the-future.

([16]) Staidreamh Eurostat maidir leis an bhfoghlaim aosach, atá ar fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Adult_learning_statistics.

([17]) McKinsey Global Institute, 'The future of work in Europe: Automation, workforce transitions and the shifting geography of employment', lch. iv.

([18]) https://www.eurofound.europa.eu/en/news/2023/skills-alone-will-not-solve-labour-shortages-europe.

([19]) Suirbhé maidir le Gairmoiliúint Leanúnach 2015.

P. de bhrí nach bhfuil ach 45 % d'oibrithe san Aontas in ann an t-eolas agus na scileanna atá acu cheana a úsáid ina bpríomhfhostaíocht, agus go bhfuil cuid dá gcuid eolais agus scileanna tearcúsáidte ag an gcuid eile díobh ([20]); de bhrí, seachas ganntanas lucht saothair agus mí-oiriúintí scileanna, go léiríonn deacrachtaí maidir le hoibrithe oilte a earcú drochcháilíocht na bpost atá ar fáil, easpa beartais AD atá dírithe ar dhaoine agus deiseanna deartha post neamhshaothraithe ([21]);

Q. de bhrí go bhfuil margaí saothair agus oideachais agus sochaithe an lae inniu á múnlú ag an gCeathrú Réabhlóid Thionsclaíoch, lena gcuimsítear digitiú iomlán na bpróiseas soláthair seirbhíse agus táirgthe, lena gcruthaítear dúshláin agus deiseanna d'oibrithe agus do chuideachtaí amhail roinnt cúraimí agus gairmeacha a bheith imithe agus cinn eile a bheith cruthaithe, cúraimí fostaíochta a bheith á n-athdháileadh go dinimiciúil, agus inneachar poist a bheith á athdhearadh; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta ó chuideachtaí chun VET láidir a fhorbairt ar fud an Aontais agus chun inniúlachtaí a chur chun cinn chun oibriú le teicneolaíochtaí nua, amhail táirgeadh agus innealra cliste, ardróbataic, néalríomhaireacht, intleacht shaorga, próiseáil sonraí agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé freastal ar riachtanais uas-scilithe agus athscilithe ar thaobh amháin agus dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach ar an taobh eile;

R. de bhrí go bhfuil sciar na bhfostaithe (11.8 %) agus na n-oibrithe (11.5 %) san oideachas aosach agus san oiliúint aosach níos airde i gcomparáid leis an daonra fásta i gcoitinne, ach gur léiríodh treochtaí comhchosúla le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir leis sin ([22]);

S. de bhrí go léiríonn figiúirí Eurostat maidir le fiontair in AE ina bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó (gan fiontair san earnáil airgeadais a áireamh) go n-úsáideann 98 % ríomhairí agus 97 % díobh rochtain ar an idirlíon; de bhrí go n-úsáideann thart ar 60 % de na daoine go léir atá gníomhach ar mhargadh na bpost ríomhairí, ríomhairí glúine, fóin chliste, táibléid nó gléasanna iniompartha eile ag an obair ([23]);

T. de bhrí gur féidir a thabhairt faoi deara go bhfuil laghdú ar líon na bpost meánoilte agus meánphá agus méadú ar phoist ar bheagán oiliúna ar phá íseal mar gheall ar uathoibriú poist;

U. de bhrí go léiríonn 21 % d'oibrithe san Eoraip go bhfuil athrú tagtha ar a bpríomhfheidhmeanna poist mar gheall ar bhogearraí nó crua-earraí nua a thabhairt isteach ([24]);

V. de bhrí go léirítear in eagrán 2022 den Scórchlár Eorpach Nuálaíochta torthaí feabhsaithe sa nuálaíocht thar na blianta 2015-2022; de bhrí go bhfuil éagothromaíochtaí tromchúiseacha fós ann idir na Ballstáit ([25]);

W. de bhrí go mbíonn deacrachtaí ag trí cinn as ceithre cinn de chuideachtaí AE maidir le baill foirne a bhfuil na scileanna cearta acu a aimsiú ([26]); de bhrí go bhfuil bearna scileanna ag teacht chun cinn;

X. de bhrí go measann fostóirí níos mó agus níos mó go bhfuil scileanna idirdhisciplíneacha amhail scileanna daoine, ilteangachas, scileanna foghlama, cumarsáid, láimhseáil custaiméirí, réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chriticiúil, fiontraíocht, cruthaitheacht, inniúlachtaí idirchultúrtha, obair foirne agus litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin ríthábhachtach don fhostaíocht; de bhrí go mbíonn tionchar ag scileanna idirdhisciplíneacha thar an bhfostaíocht agus go bhfuil gá le hathrú i meon na ngeallsealbhóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna uile;

Y. de bhrí gur shainaithin agus gur chomhaontaigh na Ballstáit uile na hinniúlachtaí seo a leanas mar inniúlachtaí ríthábhachtacha chun cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil a áirithiú: litearthacht, ilteangachas, inniúlachtaí san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), inniúlachtaí digiteacha, pearsanta, sóisialta agus foghlaim chun inniúlachtaí a fhoghlaim, inniúlacht shibhialta, scileanna idirchultúrtha agus fiontraíocht; de bhrí go bhfuil easpa dhíréireach ban rannpháirteach in ETIM;

Z. de bhrí gur thug, idir 2020 agus 2021, seisear as deichniúr oibríthe AE+ faoi ghníomhaíocht oideachais agus oiliúna fhoirmiúil nó sheachfhoirmiúil amháin ar a laghad chun scileanna a bhaineann le post a fhoghlaim; ([27])

---

([20]) CEDEFOP, 'Second European Skills and Jobs Survey [An dara Suirbhé Eorpach maidir le Scileanna agus Poist]
([21]) https://www.cedefop.europa.eu/files/3092_en.pdf.
([22]) Iarscríbhinní a ghabhann leis an tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht ón gCoimisiún agus ón gComhairle a ghabhann leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 maidir leis an Straitéis Bhliantúil um Fhás Inbhuanaithe 2020 (COM(2019)0653), atá ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52019DC0653&rid=5.
([23]) Eurostat, Bunachar Sonraí an Gheilleagair Dhigitigh agus na Sochaí Digití, 2018.
([24]) Eurostat, Bunachar Sonraí an Gheilleagair Dhigitigh agus na Sochaí Digití, 2018.
([25]) An Scórchlár Eorpach Nuálaíochta, https://research-and-innovation.ec.europa.eu/statistics/performance-indicators/european-innovation-scoreboard_en.
([26]) Faisnéis bheartais Cedefop, 'Challenging digital myths – First findings from Cedefop's second European skills and jobs survey', https://www.cedefop.europa.eu/files/9173_en.pdf
([27]) CEDEFOP, "An Dara Suirbhé Eorpach ar Scileanna agus Poist"

AA. de bhrí go raibh tionchar diúltach suntasach ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme córasach beartas oideachais agus oiliúna; de bhrí gur athraigh an ghéarchéim ghaolmhar an bealach oibre agus gur neartaíodh an gá atá le stór scileanna lucht saothair na hEorpa a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe ó thaobh scileanna digiteacha de;

AB. de bhrí go bhfuil éileamh méadaitheach ar scileanna digiteacha; de bhrí gur tugadh teicneolaíochtaí digiteacha nua isteach in 44 % d'áiteanna oibre idir 2020 agus 2021; de bhrí gur bhain ceathrar as deichniúr fostaithe fásta úsáid níos minice as teicneolaíochtaí digiteacha chun roinnt dá gcúraimí oibre a dhéanamh agus gur ghlac thart ar aon trian (36 %) páirt i níos mó ar líne ná i bhfoghlaim a bhaineann le poist as líne ([28]); de bhrí go n-éilíonn an t-aistriú digiteach i dtreo tionscal 4.0 scileanna bunúsacha digiteacha a fheabhsú do gach oibrí agus sealbhú scileanna digiteacha níos airde a éascú, agus a n-aitheantas cuí ar fud na mBallstát á áirithiú ag an am céanna; de bhrí nach mór aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí agus, dá bhrí sin, ar sholáthar scileanna a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus leis an tsábháilteacht dhigiteach;

AC. de bhrí gur féidir cúraimí a uathoibriú in go leor earnálacha ar agus ar leibhéil éagsúla, rud as a n-eascraíonn athruithe suntasacha ar fhostaíocht, ar tháirgiúlacht saothair, ar cheanglais scileanna agus ar mhéid an lucht saothair san Aontas, le difríochtaí suntasacha réigiúnacha; de bhrí go bhfuil imní ar 35 % d'oibrithe gur féidir nó go mbeidh teicneolaíochtaí digiteacha nua in ann a bpost a dhéanamh go hiomlán nó go páirteach amach anseo ([29]); de bhrí go bhfuil imní ar 45 % freisin go bhfuil scileanna teicneolaíochta imithe i léig agus gur gá eolas agus scileanna nua a fháil; de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn ag 49 % de na gníomhaíochtaí a íoctar le daoine sa gheilleagar domhanda a bheith uathoibrithe trí theicneolaíocht atá léirithe faoi láthair a oiriúnú ([30]);

AD. de bhrí go mbainfeadh duine as gach cúigear oibrithe fásta AE+ (agus 31 % díobh siúd nach n-úsáideann teicneolaíocht dhigiteach) tairbhe as oiliúint sna scileanna digiteacha is bunúsaí, i.e. nascleanúint a dhéanamh ar an ngréasán; de bhrí go bhféadfaí idir 70 % agus 90 % a athoiliúint i mbunachar sonraí níos forbartha agus i scileanna ríomhchlárúcháin ([31]);

AE. de bhrí, de réir spriocanna AE, gur cheart do 75 % de chuideachtaí AE a bheith ag baint úsáid as néalríomhaireacht, as an intleacht shaorga agus as agus teicneolaíochtaí mórshonraí agus gur cheart leibhéal bunúsach déine digití ar a laghad a bheith bainte amach ag níos mó ná 90 % de FBManna ([32]);

AF. de bhrí go bhfuil sé ar cheann de na príomhdhúshláin do chórais oideachais na mBallstát curaclaim agus mianta daoine a ailíniú leis na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá chun cumhachtú pearsanta agus gairmiúil a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus na sochaí; de bhrí go mbeidh níos mó ná leath de na leanaí atá ag dul isteach sa bhunscoil fostaithe i bpoist nach ann dóibh faoi láthair;

AG. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbunófar na dálaí agus na dreasachtaí is fearr chun a chur ar chumas fostóirí rochtain a bheith acu ar VET ardcháilíochta lena n-áiritheofar taithí foghlama úsáideach agus forbairt tacar ábhartha scileanna d'fhostaithe;

AH. de bhrí go bhféadfaí inoiriúnaitheacht rianúil an phróisis foghlama do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus d'athruithe tapa sochaíocha a áirithiú trí phróiseas foghlama atá bunaithe ar inniúlachtaí a chur chun cinn;

AI. de bhrí, thar na blianta, go bhfuil forbairt tagtha ar chineál, ar cháilíocht, ar bhraistint agus ar mheastóireacht shochaíoch VET a bhuí, i measc nithe eile, le feachtais agus beartais maidir le VET, ionchais ghairme níos fearr, deiseanna soghluaisteachta agus réitigh dhigiteacha san oideachas; de bhrí, in ainneoin na bhfeabhsuithe ar stádas agus ar chlú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, gur minic nach é an chéad rogha é do dhaoine óga agus go mbreathnaítear air mar dhara rogha, nach bhfuil chomh tarraingteach sin tar éis an oideachais ghinearálta;

AJ. de bhrí go bhfuil dlús á chur le hathruithe déimeagrafacha sna Ballstáit agus go bhfuiltear ag dréim leis go leanfaidh siad de sin a dhéanamh sna blianta amach romhainn, lena dtreisítear an gá atá le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán na ndaoine fásta in aois oibre trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh ina scileanna, ina n-eolas agus ina gcáilíochtaí, chomh maith le níos mó daoine a chur i bhfostaíocht ghníomhach; de bhrí go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag cuideachtaí maidir le cailliúint eolais agus iad ag dul ar scor d'oibrithe a bhfuil taithí acu; de bhrí nach mór ionaid oibre agus dálaí oibre a chur in oiriúint do riachtanais an lucht saothair atá ag dul in aois; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach foghlaim a chothú idir oibrithe a bhfuil níos mó taithí acu i gcuideachtaí agus aistriú eolais a dhaingniú, idir glúine freisin, trí theagasc, cóitseáil agus cláir mheantóireachta;

([28]) https://www.cedefop.europa.eu/files/9173_en.pdf, p.9.
([29]) https://www.cedefop.europa.eu/files/9173_en.pdf, lch.16.
([30]) https://www.cedefop.europa.eu/files/9173_en.pdf, lch.16.
([31]) https://www.cedefop.europa.eu/files/9173_en.pdf, lch. 14.
([32]) An Coimisiún Eorpach, Deacáid Dhigiteach na hEorpa: spriocanna digiteacha do 2030, ar fáil ag: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/europes-digital-decade-digital-targets-2030_ga.

AK. de bhrí go mbeidh ról lárnach ag dálaí oibre cuibhiúla agus ag rochtain ar chórais slándála sóisialta, ar sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta agus ar thimpeallacht mhaireachtála tharraingteach maidir le hoibrithe oilte a choinneáil agus a mhealladh; de bhrí, trí fhorbairt phearsanta agus treoir foghlama a neartú ó aois óg agus trí thacú le rochtain chomhionann ar fhaisnéis, gur féidir cabhrú le daoine conairí foghlama oiriúnacha a roghnú i dtreo deiseanna fostaíochta ardcháilíochta;

AL. de bhrí go bhfuil athruithe déimeagrafacha ag dul ar aghaidh faoi láthair; de bhrí go meastar go dtiocfaidh laghdú 0.4 % ar dhaonra na hEorpa atá in aois oibre (idir 20 agus 64 bliana d'aois) gach bliain idir seo agus 2040; de bhrí go bhfuil an meath déimeagrafach ina chúis le hathruithe ar struchtúr mhargadh an tsaothair agus le héileamh méadaitheach ar oibrithe i roinnt earnálacha, amhail earnáil an chúraim sláinte nó earnáil an chúraim;

AM. de bhrí gur aicmíodh 28 n-earnáil mar earnáil ina raibh ganntanas lucht saothair oilte, lena n-áirítear cúram sláinte, fáilteachas, tógáil, seirbhísí TF agus slándáil; de bhrí go bhfuil ganntanas ginearálta oibrithe ann, go háirithe mná, ó chúlraí STEM; de bhrí go bhfuil múinteoirí ar cheann de na cúig ghairm bheatha is mó san Eoraip, le difríochtaí bunaithe ar réigiún geografach agus ar ábhar geografach, a bhfuil tionchar acu ar an gcumas chun an t-oideachas agus an oiliúint a theastaíonn ó gach foghlaimeoir a sholáthar chun oiriúnú do na haistrithe digiteacha agus glasa agus don Cheathrú Réabhlóid Thionsclaíoch;

AN. de bhrí go bhfágann éileamh méadaitheach fostóirí ar scileanna sonracha gur féidir le cuideachtaí páirt níos láidre a ghlacadh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint;

AO. de bhrí gur cháin Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile cleachtas na dtréimhsí oiliúna gan íocaíocht mar chineál dúshaothraithe ar oibrithe óga agus mar shárú ar a gcearta;

AP. de bhrí, mar chuid den Straitéis Eorpach um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, go bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún a chur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach deiseanna níos fearr a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh in VET agus chun scileanna nua a fháil, rud atá ina réamhriachtanas don fhostaíocht agus don neamhspleáchas;

1. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá foghlaim ar feadh an tsaoil agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht daoine aonair, chomh maith le forbairt inbhuanaithe an Aontais, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais shonracha na ngrúpaí is leochailí nó na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit Limistéar Eorpach Gairmoideachais agus Gairmoiliúna (EVETA) a bhunú ([33]);

2. á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh rochtain ag fostaithe ar ghairmoiliúint le linn uaireanta oibre;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá aistriú dúbailte inbhuanaithe agus cóir na n-ionad oibre a áirithiú, agus an lucht saothair atá ann cheana á choinneáil ag an am céanna; á chur i bhfáth gur cheart d'fhostóirí oiliúint inmheánach a chur ar fáil d'oibrithe, agus bearta tacaíochta á n-áirithiú ag an am céanna do dhaoine a bhfuil deacrachtaí acu maidir le hoiliúint;

4. á chur i bhfáth go dteastaíonn deiseanna ó gach duine chun a gcuid scileanna a fhorbairt, a nuashonrú agus a uasghrádú chun coinneáil suas leis na réaltachtaí atá ag athrú go tapa i saol na hoibre agus chun go n-éireoidh leo ina saol príobháideach agus ina ngairmeacha beatha; á chur i bhfáth go n-éilíonn sé sin cur chuige córasach i leith na foghlama ar feadh an tsaoil agus i leith forbairt scileanna, lena dtacaítear le gairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh (IVET) atá inrochtana, ar ardcháilíocht agus cuimsitheach, chomh maith le córais CVET dea-fheidhmiúla agus nua-aimseartha chun a chur ar chumas gach duine fásta tairbhe a bhaint as deiseanna foghlama agus oiliúna, agus chun tacaíocht a chur ar fáil d'fhostóirí chun an oiliúint sin a sholáthar; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht in ETIM agus in VET; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a mhéadú do rannpháirtíocht na mban ina leith sin agus dul i ngleic le haon steiréitíopaí gaolmhara;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá daoine óga agus daoine scothaosta a chuimsiú go gníomhach sa phróiseas gairmoiliúna chun idirdhealú aoise a bhaineann le scileanna agus gairmoiliúint a sheachaint;

([33]) Mar a luaitear i mír 32 de rún ón bParlaimint an 11 Samhain 2021 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: cur chuige iomlánaíoch comhroinnte, (IO C 205, 20.5.2022, lch. 17).

6. á thabhairt chun suntais gurb iad seo a leanas roinnt de na tosca a chuireann bac ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint ar leibhéal na gcuideachtaí:

— an easpa aitheantais don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint mar dheis ghairme agus mar bhealach chun athléimneacht agus barr feabhais a fheabhsú;

— tuairim na bhfostóirí go bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí atá ar fáil dá bhfoireann leordhóthanach agus iomchuí;

— tús áite a thabhairt do chuideachtaí baill foirne nua a earcú seachas an lucht saothair atá acu cheana a athsciliú agus a uas-sciliú;

— bacainní ar oiliúint a sholáthar, lena n-áirítear a hinacmhainneacht, rochtain ar oiliúint arna soláthar ag an bhfostóir (ó thaobh suímh agus uainiúcháin de) agus ualach mór oibre na ngnóthas;

— na hiarrachtaí chun an fhreagracht as oiliúint a aistriú ó fhostóirí go hoibrithe;

— idirdhealú aoise, amhail oibrithe scothaosta a chosc ó pháirt a ghlacadh in oiliúint;

— an easpa aitheantais do na scileanna a fhaightear thar riachtanais mhargadh an tsaothair agus chun críche fhorbairt an oibrí aonair;

7. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le VET; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá idirphlé sóisialta a fheidhmíonn go cuí agus ról na gcomhaontuithe comhchoiteanna chun foráil VET do gach oibrí a áirithiú;

8. á mheabhrú gur mar thoradh, i gcásanna áirithe, ar phoist neamhtharraingteacha agus ar dhrochdhálaí oibre iad scileanna agus ganntanais lucht saothair; ag cur béim ar an bhfíoras, dá bhrí sin, go bhfuil sé tábhachtach dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, trí bhíthin dálaí oibre cuibhiúla agus beartais choinneála chuibhiúla, ar mhaithe le margadh saothair a bheidh ag feidhmiú go cuí amach anseo; á chur i bhfáth gur gné thábhachtach é cáilíocht na bpost a fheabhsú in earnálacha agus i gcuideachtaí a bhfuil drochdhálaí oibre iontu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist imirce daoine oilte, rud a fhágann go mbíonn méadú ag teacht ar neamhionannais idir réigiúin, go mbíonn forbairt éagothrom agus acmhainneacht éagothrom ann chun an nuálaíocht a spreagadh agus poist a chruthú;

9. ag tabhairt dá haire gur cheart do gach fostóir fáil raon scileanna a bhaineann le húsáid bogearraí bunúsacha nó meaisíní ríomhairithe simplí a sholáthar agus a íoc, ós rud é gurb é croílár an aistrithe dhúbailte é;

10. á thabhairt chun suntais go bhfuil beartais VET fós ilroinnte ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i dtreo cóineasú níos fearr idir na córais náisiúnta ar bhonn dea-chleachtas; á chur i bhfios go n-éilíonn córais éifeachtacha gairmoideachais agus gairmoiliúna straitéisí córasacha agus acmhainní leordhóthanacha a fhorbairt, atá ailínithe le straitéisí scileanna, a fhorbraítear trí idirphlé sóisialta chun daoine a chumhachtú, chun cabhrú leo an leas is fearr is féidir a bhaint as a n-acmhainneacht agus chun iomaíochas eacnamaíoch inbhuanaithe a áirithiú;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit toirmeasc a chur ar chleachtadh na dtréimhsí oiliúna gan íocaíocht agus comhchreat dlíthiúil a mholadh a bheidh dírithe ar luach saothair cothrom a áirithiú do thréimhsí oiliúna agus do phrintíseachtaí chun cleachtais dhúshaothraithe a sheachaint;

12. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá VET do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine faoi dheacrachtaí foghlama; á chur i bhfáth gur gá straitéisí a fhorbairt agus deiseanna gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur ar fáil do chách, go háirithe do NEETanna agus do luathfhágálaithe scoile, d'oibrithe scothaosta, do dhaoine fásta ag a bhfuil leibhéal íseal scileanna agus cuardaitheoirí poist, chomh maith le daoine ó cheantair iargúlta agus tuaithe agus do dhaoine ar de ghrúpaí imeallaithe iad a mbíonn bacainní institiúideacha, comhshaoil agus dearcaidh acu, chun dul i ngleic le mí-oiriúintí scileanna agus ganntanas lucht saothair; á chur i bhfios go láidir gur cheart do na deiseanna oiliúna sin scileanna a sholáthar do phoist atá dírithe ar an todhchaí, lena n-áirítear sna haistrithe glasa agus digiteacha; á iarraidh ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'athsciliú agus uas-sciliú daoine i gcásanna leochaileachta chun a rannpháirtíocht ghníomhach agus a gcomhtháthú i margadh an tsaothair a éascú, trí, mar shampla, uas-sciliú agus athsciliú a oiriúnú dá n-acmhainneachtaí agus dá mianta agus tacaíocht shaincheaptha a áirithiú; á chur i bhfáth gur gá tacaíocht a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ós rud é go bhfuil ról lárnach acu chun teagmháil a dhéanamh le daoine ó chúlraí éagsúla;

13. ag tarraingt aird ar an ngá atá le VET a chur ar fáil do dhaoine fásta ar leibhéal an duine aonair, lena n-áirítear do dhaoine ar bheagán cáilíochtaí agus do dhaoine ar bheagán oiliúna, dóibh siúd a bhfuil an rochtain is lú acu ar oiliúint i mbunscileanna agus inniúlachtaí, agus do dhaoine scothaosta, do mhná, do dhaoine faoi mhíchumas agus dóibh siúd atá ag iarraidh ath-imeascadh sa mhargadh saothair tar éis neamhláithreachtaí fada arb iad, *inter alia*, fadhbanna ainsealacha nó tromchúiseacha sláinte is cúis leo, nó an gá atá le cúram neamhfhoirmiúil a sholáthar; á chur i bhfáth gur cheart tacaíocht agus dreasachtaí iomchuí a chur ar fáil agus gur cheart conairí foghlama VET a bheith solúbtha, dírithe ar fhoghlaimeoir agus dírithe ar thorthaí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais, gairmthreoir agus feachtais faisnéise VET a fhorbairt chun rannpháirtíocht níos airde agus níos cuimsithí a bhaint amach i ndeiseanna foghlama agus oiliúna; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá saoire oiliúna le pá;

14. á iarraidh an athuair ar fhostóirí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna agus inniúlachtaí a n-oibrithe, go háirithe maidir leis na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh na n-aistrithe digiteacha agus glasa, chomh maith le scileanna boga idirdhisciplíneacha;

15. á chur i bhfios nach mór don Aontas Eorpach páirt a thabhairt do ghnóthais, go háirithe FBManna, an geilleagar sóisialta agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, agus iad a spreagadh agus tacú leo, chun deiseanna foghlama agus oiliúna a chur ar fáil; á iarraidh ar na Ballstáit athsciliú agus uas-sciliú inrochtana agus cuimsitheach a áirithiú do chách, gan aon duine a fhágáil ar lár;

16. ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh cuimsiú NEETanna agus grúpaí leochaileacha eile i margadh an tsaothair ina phríomhfhócas agus ina bhunchloch ag an ngairmoideachas agus an ghairmoiliúint ardcháilíochta, lena n-éilítear scileanna sonracha idirdhisciplíneacha ó mhúinteoirí agus ó oiliúnóirí; á mheabhrú go bhfuil scileanna agus inniúlachtaí idirdhisciplíneacha á n-áireamh níos mó agus níos mó i gcuraclaim gairmoideachais agus gairmoiliúna sna Ballstáit; á chur i bhfáth gur gá bailíochtú agus aitheantas foirmiúil scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe na scileanna agus na hinniúlachtaí a shealbhaítear trí oideachas agus taithí neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, amhail cúram fadtéarmach, nó obair dheonach, chomh maith le scileanna agus inniúlachtaí a shealbhaítear i dtríú tíortha; á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar uirlisí reatha agus féachaint ar uirlisí eile chun aithint scileanna agus cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a éascú; á iarraidh go mbeadh creat comhchoiteann aitheantais ann do scileanna idirdhisciplíneacha;

17. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cultúr foghlama nua atá dírithe ar scileanna idirdhisciplíneacha a fhorbairt i dtimpeallachtaí foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla, lena n-áiritheofar go ndéanfar gach duine fásta, daoine fásta óga agus daoine óga a chumhachtú le haghaidh post mar aon le rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus i bhforbairt phearsanta, go háirithe trí scileanna a fháil amhail seirbhís do chustaiméirí, scileanna idirphearsanta, lena n-áirítear obair foirne agus cumarsáid, réiteach fadhbanna, bainistiú, lena n-áirítear bainistiú ama, smaointeoireacht chriticiúil, foghlaim chun foghlama, inniúlachtaí inbhuanaitheachta agus scileanna digiteacha, lena n-áirítear inniúlachtaí cibearshlándála;

18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé foghlaim san ionad oibre agus taithí phraiticiúil a fháil; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, samplaí de dhea-chleachtais a bhaineann le déchórais oideachais, lena gcomhcheanglaítear printíseachtaí ar ardchaighdeán i ngnóthais le gairmoideachas, lena dtugtar le chéile saol na hoibre le saol an oideachais agus lena dtugtar rochtain do dhaoine óga ar mhargadh an tsaothair; ag spreagadh na mBallstát chun déchórais oideachais a fhorbairt tuilleadh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar chuideachtaí aird níos mó a thabhairt ar ról an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus na foghlama ar feadh an tsaoil; á chur i bhfáth gur gá d'fhostóirí cuid shuntasach dá n-acmhainní a thiomnú chun a áirithiú go mbeidh na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá ag a bhfostaithe chun a bheith in ann oibriú leis na teicneolaíochtaí is déanaí agus i dtimpeallachtaí eagraíochtúla nua, chomh maith le heisiamh digiteach a chosc; á iarraidh, thairis sin, ar chuideachtaí leibhéil arda discréide cúraimí agus rannpháirtíocht eagraíochtúil oibrithe a cheadú, ós rud é go bhfuil baint ag na cineálacha eagraíochta oibre sin le rochtain níos fearr ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna; á thabhairt chun suntais gur cheart d'fhostóirí féachaint le dálaí iomchuí agus spás sábháilte a chruthú d'fhostaithe atá ag tabhairt faoi oideachas foirmiúil nó seachfhoirmiúil nó ar mian leo tabhairt faoi oideachas foirmiúil nó seachfhoirmiúil agus a n-inniúlachtaí a fhorbairt; á iarraidh ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar FBManna, a mbíonn an-dúshlán acu freastal ar na riachtanais sin; á chur i bhfáth go mbainfeadh cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, tairbhe as comhar struchtúrtha le saineolaithe gairmoideachais agus gairmoiliúna;

19. ag meabhrú an róil bhunúsaigh atá ag múinteoirí agus oiliúnóirí a oibríonn go comhuaineach in institiúidí agus cuideachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus ar féidir leo cabhrú le soláthar gairmoideachais agus gairmoiliúna a cheangal níos dlúithe le riachtanais na bhfostóirí trí nuálaíocht a thabhairt chuig scoileanna agus trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna; á mheabhrú go bhféadfadh comhar níos fearr idir institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar an nganntanas múinteoirí sa réimse sin agus curaclaim gairmoideachais agus gairmoiliúna a thabhairt níos gaire do riachtanais na bhfostóirí; á chur i bhfáth gur gá do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí inniúlachtaí nua a fháil trí rochtain a bheith acu ar dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh oscailt na gcúrsaí forbartha gairmiúla leantach (CPD) a chuirtear ar fáil i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna d'oiliúnóirí agus, os a choinne sin, oiliúint inchuideachta a thairiscint do mhúinteoirí scoile gairmoideachais agus gairmoiliúna, a bheith chun tairbhe an dá thaobh chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas, agus iad a cheangal le dearadh na gcuraclam ag an am céanna; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí oideachais infheistíocht a dhéanamh go práinneach ina straitéisí forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus aitheantas níos fearr a thabhairt dóibh;

20. á chur i bhfáth, chun freagairt go leormhaith do riachtanais na dtionscal atá ag athrú ó bhonn agus do na dúshláin a bhaineann leis an dá aistriú, agus chun iomaíochas thionscal na hEorpa ar na margaí domhanda a choinneáil, go mbeidh gá le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar gairmoideachais agus gairmoiliúna leantaí, in oiliúint múinteoirí agus i gcórais dearbhaithe cáilíochta;

21. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann bearta a neartú chun an dífhostaíocht, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, lena n-áirítear trí sheirbhísí poiblí fostaíochta a neartú, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus trí bhearta tiomnaithe atá dírithe ar fhorbairt ghairmiúil;

22. á thabhairt chun suntais gur ionstraimí tábhachtacha iad an t-oideachas agus an oiliúint, mar aon le comhtháthú i margadh an tsaothair, chun an bhochtaineacht agus neamhionannais a chomhrac; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le bearta atá dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ar ghrúpaí ar bheagán oiliúna, agus béim á leagan ar oideachas agus ar oiliúint lena bhféadfar scileanna sóisialta, eolaíocha agus gairmiúla a fhorbairt, go háirithe bunscileanna digiteacha; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar an t-oideachas agus an oiliúint atá ar fáil a éagsúlú;

23. á chur i bhfáth gur gá d'fhostóirí foghlaim a chothú idir oibrithe a bhfuil níos mó taithí acu agus oibrithe nach bhfuil mórán taithí acu chun difríochtaí scileanna a laghdú; á mholadh, dá bhrí sin, i bhfianaise an athraithe dhéimeagrafaigh freisin, go gcruthófaí dreasachtaí le haghaidh meantóireachta chun go bhféadfar scileanna agus taithí a chomhroinnt, idir na glúnta freisin, chun uasghrádú scileanna na n-oibrithe uile a spreagadh agus chun dul i ngleic le ganntanais agus neamhréireanna lucht saothair; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an obair dheonach, ar féidir léi rannchuidiú le gníomhú in aghaidh an eisiaimh shóisialta;

24. á iarraidh ar ghnólachtaí modhanna a úsáid chun tionchar na hintleachta saorga ar phoist a thuar, amhail meaisínfhoghlaim faoi mhaoirseacht, chun críche, i measc nithe eile, na gairmeacha a shainaithint ina bhfuil na hathruithe is dóchúla agus chun iad a chur in oiriúint dóibh san am is fearr;

25. ag spreagadh cuideachtaí chun cabhrú le hoibrithe freagracht níos mó a ghlacadh as a ngairmeacha beatha trí chonairí gairme malartacha a chur in iúl agus cuidiú leo a chinneadh cad ba cheart dóibh a bheith dírithe, na scileanna is gá a mholadh chuige sin agus oiliúint iomchuí a eagrú i ndáil leis sin; á mholadh go gcuirfí an tairiscint sin ar fáil freisin do dhaoine atá ag dul faoi oideachas gairmiúil agus/nó tionscail (mic léinn agus oiliúnaithe) trí chomhar idir gnólachtaí agus forais oideachais;

26. ag tarraingt aird ar na deiseanna agus na dúshláin a eascraíonn as an méadú atá ag teacht ar líon na náisiúnach tríú tír in AE, mar thoradh, i measc nithe eile, ar chogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé tacaíocht a chur ar fáil d'imircigh, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe chun uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh agus chun rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta agus ar fhaisnéis maidir le dálaí oibre agus cosaint shóisialta; á chur i bhfáth go n-áirítear ar na príomhbhearta chun úsáid níos fearr a bhaint as a n-acmhainneacht foghlaim teanga a mhaoiniú mar bhonn don chumarsáid agus don obair, chomh maith le haitheantas agus bailíochtú a scileanna agus a n-inniúlachtaí a éascú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag na córais agus conairí gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, mar phríomhuirlisí le haghaidh lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch náisiúnach tríú tír, iarrthóirí tearmainn, imirceach agus dídeanaithe;

27. á chur i bhfáth go bhfuil gá le foghlaim ar feadh an tsaoil do gach duine sa tsochaí, go háirithe daoine scothaosta, lena gcuirfear ar a gcumas scileanna nua a fhoghlaim agus a fháil agus a bheith gníomhach ó thaobh coirp agus meabhrach de;

28. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an gairmoideachas agus sealbhú scileanna agus inniúlachtaí nua, go háirithe iad siúd a bhfuil gá leo le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha; á iarraidh ar na Ballstáit curaclaim a fhorbairt, i gcomhar le geallsealbhóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ábhartha, a bheidh dírithe ar ghairmeacha a bhfuil gá leo chun dul in oiriúint do dhúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh;

29. á chur san áireamh gur bealach amháin chun é sin a bhaint amach é an Comhshocrú do Scileanna a chur chun cinn, á iarraidh ar an gCoimisiún Bliain Eorpach na Scileanna 2023 a leagan amach ar bhealach iomlánaíoch atá bunaithe go forleathan, lena seachnófar léiriú an oideachais, na hoiliúna agus an athscilithe nó an uas-scilithe amháin mar mhodh chun iomaíochas agus infhostaitheacht a mhéadú;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le comhlachtaí comhairleacha trípháirteacha agus leis an gComhghuaillíocht Eorpach um Phrintíseacht, feachtais agus gníomhaíochtaí oideachais a dhéanamh, lena n-áirítear le linn Bhliain Eorpach na Scileanna agus trí imeachtaí amhail EuroSkills, chun tarraingteacht gairmoideachais agus gairmoiliúna agus foghlaim aosach ar ardchaighdeán a chur chun cinn, chomh maith le malartú dea-chleachtas sa réimse sin;

31. á iarraidh ar na Ballstáit nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúnt a shimpliú agus cúnamh a thabhairt do ghnóthais áirithe, amhail FBManna agus eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta, amhail seirbhísí comhairliúcháin, riachtanais oiliúna a shainaithint agus iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais; á chur i bhfios, i gcás nach bhfuil FBManna in ann cúrsaí oiliúna a thairiscint, go bhféadfadh eagraíochtaí amhail comhlachais ceardaithe nó comhlachais tráchtála oiliúint den sórt sin a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíochtaí a mhéadú i mbearta atá dírithe ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste agus NEETanna a chomhtháthú i margadh an tsaothair, chomh maith leis an ráta luathfhágála scoile a laghdú, rud atá suntasach go háirithe i measc na Romach; á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i sláinte na ndaltaí agus na mac léinn chun luathfhágáil na scoile a chosc agus chun tacú le staidéar agus comhairleoireacht ghairme; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), as an gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta agus as an gCiste um Aistriú Cóir sa chomhthéacs sin;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infheistíocht a mhéadú trí CSE+ chun tacú le bearta atá dírithe ar dhaoine óga agus NEETanna atá faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú i margadh an tsaothair chomh maith leis an ráta luathfhágála scoile a laghdú;

33. ag spreagadh na mBallstát, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, sásra a bhunú chun gnóthais a dheimhniú a chuireann printíseachtaí agus oiliúint ar ardchaighdeán ar fáil i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta an Chreata Eorpaigh um Phrintíseacht Ardchaighdeáin agus Éifeachtach, ionas gur féidir iad a shainaithint agus tacú leo;

34. ag cur sonrú sna tairbhí a chuireann an tsoghluaisteacht idirnáisiúnta ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d'oideoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna araon, agus á chur i bhfios go láidir gur gá scéimeanna soghluaisteachta buana a éascú, agus na bacainní atá ann cheana ar an tsoghluaisteacht a laghdú; á mheabhrú go bhfuil rannpháirtithe gairmoideachais agus gairmoiliúna incháilithe do Erasmus+ agus á chur i bhfios go láidir gur cheart tacaíocht laistigh den chlár sin a chur in oiriúint de réir chúlra socheacnamaíoch agus riachtanais na rannpháirtithe, agus an costas maireachtála sna Ballstáit óstacha á chur san áireamh freisin; ag tathant, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as Bliain Eorpach na Scileanna chun móiminteam a chruthú chun an creat soghluaisteachta gairmoiliúna a neartú tuilleadh;

35. á chur i bhfáth go bhfuil dúshláin agus deiseanna araon ann a bhaineann le forbairtí teicneolaíochta, go háirithe iad siúd i réimsí na hintleachta saorga agus na réaltachta fíorúla, rud a athróidh réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus ó thaobh deiseanna oiliúna a dhéanamh níos inrochtana agus níos inacmhainne do líon níos mó cuideachtaí agus oibrithe; ag cur sonrú san fhreagracht atá ar institiúidí oideachais agus ar fhostóirí mic léinn, printísigh agus oibrithe a ullmhú don intleacht shaorga a bheith ann san ionad oibre agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt, go háirithe, i ndáil leis sin; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhar idir institiúidí oideachais agus fostóirí chun feabhas a chur ar inniúlachtaí agus eolas digiteach maidir le huirlisí lena n-úsáidtear intleacht shaorga agus bainistiú algartamach;

36. á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht san oideachas agus san fhoghlaim a mhéadú, amhail an moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair ([34]), agus beartais luachmhara na mBallstát, amhail saoire oideachais íoctha;

37. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

([34]) Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair (IO C 243, 27.6.2022, lch. 26).